

# Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

## PLEAN SEIRBHÍSE 2020



**cetb**

Bord Oideachais agus  
Oiliúna Chorcaí  
*Cork Education and  
Training Board*

**Tá Conair ann do Gach Foghlaimeoir**

## Clár Ábhair

<b>1. Brollach ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí</b> .....	3
<b>2. Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach</b> .....	3
<b>3. Próifíl / Cúlra BOO Chorcaí</b> .....	4
Mapa Geografach BOO Chorcaí.....	5
<b>4. Ráiteas Straitéise</b> .....	6
Fís, Misean, Téamaí Straitéiseacha .....	6
Cad is Brí lenár Luachanna .....	8
Monatóireacht ar an bPlean Seirbhíse.....	9
Sreabhadh Oibre an Timthrialla Pleanála .....	10
<b>5. Ráiteas Seirbhíse 2020</b> .....	11
<b>6. Forléargas ar Sheirbhísí 2020 (A bhaineann go sainiúil le BOO)</b> .....	27
SCOILEANNA.....	27
Bunscoileanna.....	27
Athchumraíocht Bunscoileanna .....	27
Iarbunscoileanna .....	27
BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT .....	28
Coláistí Breisoideachais (PLC) .....	28
Ionad Oiliúna Chorcaí (Seirbhísí Oiliúna).....	28
Seirbhísí don Aos Óg .....	29
Ógtheagmháil.....	30
Lítearthacht d'Aosaigh .....	31
Oideachas Pobail .....	31
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO).....	32
Seirbhísí Treorach Chorcaí.....	32
TACAÍOCHT EAGRAÍOCHTÚIL .....	32
Caipiteal agus Soláthar .....	33
Seirbhísí Corparáideacha.....	34
Acmhainní Daonna.....	34
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide .....	34
Airgeadais .....	35
<b>7. Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta 2020</b> .....	36

## 1. Brollach ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Mar Chathaoirleach BOO Chorcaí, tá bród orm an Plean Seirbhíse 2020 a chur i láthair. Is léiriú ar na téamaí, tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise BOO Chorcaí 2017 - 2021 é an Plean Seirbhíse seo. Leis na tosaíochtaí atá leagtha amach lena gcur i crích le linn 2020, déanfar cinnte de go dtiocfaidh méadú breise ar na seirbhísí a sholáthraíonn BOO Chorcaí, agus ag an am céanna, go soláthrófar níos mó conairí dul chun cinn a chuireann an foghlaimeoir ag croílár an tsoláthair.

Ba mhaith liom gach rath a ghuí ar bhaill foirne agus foghlaimeoirí mar a oibrímid le chéile chun na tosaíochtaí do 2020 a chur i gcrích agus muid ag leanúint le BOO Chorcaí a chur chun cinn mar rogha seirbhíse d'fhoghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara.

An Clr. Patrick Gerard Murphy

Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

## 2. Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

Mar Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, tá bród orm an Plean Seirbhíse 2020 a chur i láthair. Is Plean tábhachtach é an Plean Seirbhíse seo, ós rud é gurb é an chéad Phlean le linn dom a bheith i mo Phríomhfheidhmeannach. Ach chomh maith leis sin, is léiriú é ar eagraíocht a leanann air ag bogadh ar aghaidh, chun deiseanna fáis a chruthú, agus a fheidhmíonn de réir a mana 'Tá Conair ann do gach Foghlaimeoir'.

Tá cur chuige BOO Chorcaí maidir le soláthar seirbhíse bunaithe ar riachtanais an fhoghlaimeora mar dhuine, agus mar bhall dá p(h)obal féin agus den phobal i gcoitinne, a shásamh. Soláthraíonn BOO Chorcaí roghanna ardchaighdeáin oideachais agus oiliúna chun na riachtanais sin a chomhlíonadh, agus bíonn sé freagrach do riachtanais fostóirí agus na tosaíochtaí á leagadh amach ag an Rialtas.

Mar eagraíocht seirbhíse, tá sé riachtanach go bhfuil BOO Chorcaí ábalta cláir oideachais agus oiliúna atá ábhartha agus oiriúnach a phleanáil, a chur ar fáil, a chomhordú, a athbhreithniú agus a sholáthar chun go gcinnteofar go bhfuil seirbhís éifeachtúil, éifeachtach agus chuntasach ar fáil d'fhoghlaimeoirí. Ní bheifí ábalta seirbhísí a sholáthar mura mbeadh na baill foirne ar fad chomh díograiseach agus tiomanta is atá siad. Déanann siad cinnte, mar gheall ar a n-iarrachtaí gach lá, go leanann BOO Chorcaí ag fás agus gurb é BOO Chorcaí an rogha soláthraí oideachais do mhuintir Chorcaí.

An tUasal Denis Leamy

Príomhfheidhmeannach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

### 3. Próifíl / Cúlra BOO Chorcaí

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí (dá ngairtear BOO Chorcaí ina dhiaidh seo) faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus tá sé freagrach agus cuntasach as a fheidhmeanna, a stiúradh agus a rialú mar is ceart, laistigh de limistéir údarais áitiúil Comhairle Contae Chorcaí agus Comhairle Cathrach Chorcaí.

Ritheadh an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, i mBealtaine 2013 le bheith in éifeacht ó 1 Iúil 2013. Rinneadh foráil leis an Acht do na Cistí Gairmoideachais a lánscoir agus do na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) a bhunú trí phróiseas inar cumascadh roinnt de na 33 Coistí Gairmoideachais a bhí ann. Tar éis Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí agus Coiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí a chumasc, bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí (BOO Chorcaí) agus tugadh an fhreagracht as oideachas bunskoile agus meánscoile agus breisoideachas a chur ar fáil dó, mar a rinne na Coistí Gairmoideachais a bhí ann rompu.


Shínigh an tAcht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 ina dhlí in Iúil 2013. Bunaíodh SOLAS (An tUdarás Breisoideachais agus Oiliúna) leis an Acht. Tá SOLAS freagrach as na seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna a sholáthraíonn BOOanna ag leibhéal áitiúil a phleanáil, a mhaoiniú agus a chomhordú. Rinneadh foráil leis an Acht chomh maith d'aistriú na n-iarfheidhmeanna oiliúna agus baill foirne FÁS chuig na BOOanna nuabhunaithe.

Is é BOO Chorcaí an t-aon comhlacht reachtúil i gCorcaigh a bhfuil an fhreagracht as oideachas agus oiliúint a chur ar fáil thar réimse leathan seirbhísí. Bíonn líon na bhfoghlaimoirí agus an éagsúlacht na rudaí lena bhfuil foghlaimoirí ag súil leo mar ghné dúshlánach do na seirbhísí á gcur ar fáil againn. Is é líon na bhfoghlaimoirí agus rannpháirtithe a ghlacann páirt in oideachas, oiliúint agus gníomhaíochtaí BOO Chorcaí ná:

Daltaí Bunscoile	343
Daltaí Iarbhunscoile	12001
Mic Léinn Breisoideachais	3743
Oiliúint Printíseachta	739
Ionaid Oiliúna Pobail	100
Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna	280
Soláthróirí Sainoiliúna	185
Sainoiliúint Scileanna	1012
Traenáil ar Chúrsaí Oiliúna	195
Ógtheagmháil	621
Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	3642
Grúpaí an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas	1690
Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile	754
Oiliúint Oíche	871
Teagasc Dian in Oideachas Bunata Aosach	268
Scileanna don Obair	191
Scileanna chun Dul Chun Cinn	140
Oideachas Pobail	4949
Teagasc Deonach Litearthachta	45
Aitheantas Réamhfhoghlama	25
Maoiniú Eile	78
<b>IOMLÁN</b>	<b>31,872</b>

**Foinsí Sonraí:** Fuarthas na sonraí ar fad ón tuairisceán FARR SOLAS, seachas na sonraí maidir le daltaí agus mic léinn Bunscoile, Iarbhunscoile agus Breisoideachais a fuarthas ó na tuairisceáin don Roinn Oideachais agus Scileanna. Is ionann an bhliain tagartha agus 2019.


# Mapa Geografach BOO Chorcaí



## 4. Ráiteas Straitéise

### Fís, Misean, Téamaí Straitéiseacha

Agus na téamaí straitéiseach á bhforbairt aige, leag BOO Chorcaí béim ar leith ar fhís agus misean na heagraíochta. Rinneadh iad a fhorbairt trí mheán próiseas comhairliúcháin leis an bhfoireann agus le páirtithe leasmhara. Is é aidhm na dtéamaí straitéiseacha ná forbairt bhreise a dhéanamh ar ár ráiteas físe agus misin don eagraíocht. D'aithin baill foirne agus páirtithe leasmhara treoirphrionsabail agus luachanna atá ina ndlúthchuid de cad a chiallaíonn sé a bheith páirteach i BOO Chorcaí agus cad é a seasann BOO Chorcaí dó. Tá na prionsabail agus luachanna sin mar bhonn agus mar thaca ag gach gné dár straitéis.



Feidhmeoidh BOO Chorcaí ar son leasa na bhfoghlaimeoirí an t-am ar fad. Tá na prionsabail agus luachanna a leanas mar bhonn agus mar thaca dár smaointeoireacht, pleanáil, cinnteoireacht straitéiseach agus dár ngníomhaíochtaí laethúla.

#### Treoirphrionsabail

**Tús áite a thabhairt do riachtanais na bhfoghlaimeoirí**

**Seirbhís ag ardchaighdeán a sholáthar**

**A bheith ag feidhmiú le macántacht phroifisiúnta**

**An rud ceart a dhéanamh**

**Caitheamh go measúil agus go hómósach le daoine**

**A bheith cothrom, oscailte agus freagrach**

**Luach ar airgead a chinntiú**

**A bheith ag oibriú ar na caighdeán is airde eitice, phroifisiúnta, mhóralacha agus dlí.**

#### Luachanna

**Crógach**

**Tiomanta**

**Dearfach**

**Treorach**

**Nuálach**

**Comhbhách**

## Cad is Brí lenár Luachanna

Luach	Crógach	Tiomanta	Dearfach	Treorach	Nuálach	Comhbhách
<b>Cad is Brí Leis</b>	Cuirimid riachtanais ár bhfoghlaimoírí chun tosaigh agus níl faitíos orainn na cinntí deacra riachtanacha a dhéanamh chun an tseirbhís is fearr agus is féidir a sheachadadh.	Tá fis agus feidhm shoiléir againn lena bhfuil muid go hiomlán gafa agus a bhfuilimid meáite iad a bhaint amach.	Táimid dearfach agus muiníneach faoin ár ndeiseanna agus dúshláin agus creidimid gur féidir linn difríocht shuntasach a dhéanamh do shaol na ndaoine ar a bhfreastalaímid.	Táimid ag súil lenár ndaoine a bheith ina gceannairí – fis shoiléir a bheith acu, dul ar aghaidh agus rud a dhéanamh, agus foghlaimoírí agus comhghleacaithe a ghríosú agus a spreagadh trí shampla a thabhairt.	Táimid dírithe ar fheabhsú leanúnach agus a bheith ag tús cadhnaíochta maidir le hathrú agus nuálaíocht in oideachas agus oiliúint.	Glacaimid le cur chuige cuimsitheach agus measúil i leith ár bhfoghlaimoírí agus foireann agus déanaimid iarracht chun a chinntiú go mbaineann gach duine a úsáideann ár seirbhísí barr a c(h)umais amach.
<b>Táimid ag Súil leis go nDéanfaidh ár nDaoine na Rudaí seo a leanas:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An rud ceart a dhéanamh</li> <li>Na teorainneacha a bhrú chun an toradh is fearr a fháil</li> <li>A bheith díoghbháilte sa tóir ar fheabhsuithe d'fhoghlaimoírí</li> <li>Tacú le cinntí maithe agus na droch-chinntí a athrú</li> <li>A bheith sásta ár gcinntí a mhíniú</li> <li>Seasamh ar son a gcreidimid ann</li> <li>A bheith i bhfách le foghlaimoírí agus pobail</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Obair go crua</li> <li>Iarracht ar leith a dhéanamh</li> <li>Tús áite a thabhairt d'fhoghlaimoírí</li> <li>A bheith dícheallach</li> <li>A bheith dílis don eagraíocht</li> <li>Tacú le comhghleacaithe</li> <li>Obair mar bhaill foirne</li> <li>A bheith comhoibríoch</li> <li>Eitic oibre láidir a bheith acu</li> <li>Béim a leag ar thorthaí a bhaint amach</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>A bheith dearfach</li> <li>A fhreagairt go dearfach</li> <li>A bheith réamhghníomhach</li> <li>Deiseanna a chuardach agus iad a thapú</li> <li>Glacadh le hathruithe</li> <li>Dul i ngleic le fadhbanna go pras</li> <li>A bheith mar chuid den réiteach</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fís a bheith acu</li> <li>An dúshlán a ghlacadh</li> <li>Cumarsáid a dhéanamh</li> <li>Spreagadh a thabhairt</li> <li>Misneach a thabhairt do dhaoine</li> <li>A bheith ag tnúth le rudaí</li> <li>Muinín a chothú</li> <li>An fhírinne a rá</li> <li>Gníomhú mar dheshampla</li> <li>Díriú ar thorthaí</li> <li>Nuálaíocht a chur chun cinn</li> <li>Tionchar a imirt</li> <li>Comhar a dhéanamh</li> <li>Ionracas pearsanta a léiriú</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Triail a bhaint as cuir chuige nua</li> <li>A bheith cruthaitheach</li> <li>Athruithe a chur chun cinn</li> <li>A bheith solúbtha</li> <li>Iarraidh feabhas a dhéanamh</li> <li>Réitigh fadhbanna a aimsiú</li> <li>Tacú le smaointe nua</li> <li>Cur go dearfach le hathrú</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimoírí agus comhghleacaithe</li> <li>A bheith macánta</li> <li>A bheith tuisceanach</li> <li>A bheith comhbhách</li> <li>Iarrachtaí a aithint</li> <li>Ionchuimsitheacht agus éagsúlacht a spreagadh</li> <li>A bheith lách</li> <li>Súil a choinneáil ar chomhghleacaithe</li> <li>Éisteacht le daoine</li> <li>Caitheamh go maith le daoine</li> <li>Iarraidh ar aiseolas</li> <li>Tacú leo siúd a theastaíonn tacaíocht uathu</li> </ul>



## Monatóireacht ar an bPlean Seirbhíse

Forbraítear an Plean Seirbhíse seo chun tacú le Ráiteas Straitéise BOO Chorcaí 2017 - 2021 a chur i bhfeidhm. Cé gur leagtar amach ár dtosaíochtaí agus aidhmeanna thar thréimhse 5 bliana sa Ráiteas Straitéise, tá sé tábhachtach go mbeidh próiseas i bhfeidhm chun tacú lena mbaint amach.

Agus an Plean Seirbhíse á fhorbairt, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le Bainisteoirí Sinsearacha agus Príomhoidí i ngach réimse soláthair chun a chinntiú go n-oireann na bearta atá leagtha amach lena ndéanamh le linn an Phlean Seirbhíse do na tosaíochtaí agus aidhmeanna atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise Corparáideach.

Déanann an próiseas comhairliúcháin cinnte de freisin gur féidir na torthaí atá beartaithe do 2020 a bhaint amach agus go mbíonn Bainisteoirí Sinsearacha agus Príomhoidí ina n-úinéirí ar na torthaí ina réimsí soláthair seirbhíse faoi seach.

Chun tacú leis na torthaí aitheanta a bhaint amach, bíonn Ceannairí Tionscadail agus Urraitheoirí ainmnithe i ngach réimse soláthair.

Déantar cur síos ar ról na gCeannairí Tionscadail agus na nUrraitheoirí mar seo a leanas;

### **Ceannaire Tionscadail:**

*Tá an Ceannaire freagrach as a bheith i gceannas ar sholáthar an ghnímh trí oibriú le comhghleacaithe Bainistíochta agus comhghleacaithe eile mar is cuí chun an toradh beartaithe a bhaint amach.*

### **Urraitheoir:**


*Tacaíocht a thabhairt don Cheannaire trí bhualadh leo go rialta chun a chinntiú go bhfuiltear ag dul chun cinn mar a bhfuiltear ag súil leis agus réiteach a aimsiú ar fhadhbanna gan réiteach. Chomh maith leis sin, tacaíocht a thabhairt lena chinntiú go mbainfear amach na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo de bharr cur i gcrích an ghnímh.*

Anuas ar an méid thuas, tá na grúpaí seo a leanas ann le tacaíocht agus/nó acmhainní a chur ar fáil más gá chun a chinntiú go mbainfear amach na torthaí;

- Grúpa Feidhmiúcháin
- Grúpa Ardbhainistíochta
- Grúpa Stiúrtha Breisoideachais agus Oiliúna
- Grúpa na bPríomhoidí
- Grúpa na Leas-Phríomhoidí
- Grúpa na gComhordaitheoirí Ógtheagmhála
- Grúpa na Meánbhainistíochta

Buaileann na grúpa seo le chéile go rialta agus soláthraíonn siad tacaíocht tras-earnála/áitiúil do cheannaire tionscadail agus urraitheoirí trína chinntiú go mbíonn próiseas cumarsáide ilghnéitheach i bhfeidhm chun tacú le soláthar agus monatóireacht a dhéanamh air. Áirítear leis an tacaíocht sin freisin, más cuí, grúpaí oibre tras-seirbhíse a chur ar bun sa chás go bhfuil sé de dhíth chun gníomhartha aitheanta ar leith a chur i gcrích, mar shampla grúpa oibre maidir le hinlín, Straitéis maidir le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta.

## Sreabhadh Oibre an Timthrialla Pleanála



Tá sé tábhachtach go mbaintear úsáid as an bpróiseas thuas chun a chinntiú go mbíonn trédhearcacht agus soiléire cuspóra ann agus chun béim a choinneáil ar a bheith ag obair go gníomhach chun na rudaí a bheartaíomar lena mbaint amach thar shaolré an Ráitis Straitéise a bhaint amach.

## 5. Ráiteas Seirbhíse 2020

Cuireann BOO Chorcaí gach gné de Spriocanna Ardleibhéil Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe chun cinn agus leagann sé béim ar leith ar Sprioc 4, is é sin oideachas ardchaighdeán a chur ar fáil agus foghlaim fad saoil do chách a chur chun cinn. Tabharfaidh BOO Chorcaí faoi roinnt tionscnamh, i gcomhar le hinstiúidí agus údaráis áitiúla eile i gCorcaigh, chun próifíl na foghlama fad saoil a ardú agus feasacht a mhéadú ar Chorcaigh mar Chathair agus Contae Foghlama.

Oibreoidh BOO Chorcaí leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun a chinntiú go soláthraítear curaclam leathan lena chinntiú go dtéann ár ndaltaí ar aghaidh ón mBunscoil go dtí Iarbhunscoil tar éis oideachas bunúsach ardchaighdeán atá bunaithe ar luachanna a fháil, go háirithe do luach na gcomhdheiseanna do gach leanbh.

Leanann BOO Chorcaí de bheith ag comhoibriú le SOLAS maidir le haidhmeanna straitéiseacha a fhorbairt chun Breisoideachas agus Oiliúint a fhorbairt mar fheithicil forbartha agus uasoiliúna. Déanfar é sin trí shainchúrsaí, cúrsaí oiliúna, printíseachtaí, oideachas litearthachta agus oideachas pobalbhunaithe a chur ar fáil trína mbeidh daoine d'aon aois nó cúlra ábalta dul ar aghaidh go dtí ardoideachas nó dul chun cinn a dhéanamh i saol na hoibre.

Ina cháil mar chomhlacht reachtúil atá freagrach as oideachas agus oiliúint ardchaighdeán a chur chun cinn agus a sholáthar i gCorcaigh, glacann BOO Chorcaí páirt ar bhoird éagsúla. Cinntíonn sé sin go leanann BOO Chorcaí lena obair a dhéanamh agus Corcaigh a fhorbairt mar Chathair agus Contae Foghlama a mbeidh todhchaí láidir ó thaobh an gheilleagair agus an tsochaí de. Cuirtear leis sin mar gheall ar chomhoibriú gníomhach le roinnt eintitis cosúil le Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Comhairle Contae Chorcaí, Cumann Chomhlachais Tráchtála Chorcaí, Boird Comhpháirtíochtaí, Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, UNESCO, Fóram an OECD maidir le Fostaíocht Áitiúil agus Forbairt Gheilleagair.

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta idir an Roinne Oideachais agus Scileanna agus BOO Chorcaí, aithníodh na haidhmeanna agus tosaíochtaí seo a leanas. Is mar seo a leanas na bearta ar leith chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach, chomh maith leis na táscairí feidhmíochta agus spriocanna lena mbaineann;

Aidhm	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Eispéireas Dalta/Foghlaiméora a Bharrfheabhsú	Eispéireas foghlama dearfach a chur ar fáil do gach foghlaiméoir, foghlaiméoirí ó ghrúpaí imeallaithe san áireamh	Díríonn BOO Chorcaí ar theagasc agus foghlaim ardchaighdeán a fhorbairt mar phríomhghníomhaíocht.	Cigireachtaí ar Ábhair Tuairiscí Meastóireachta ar an	Obair leanúnach

		Bainfimid úsáid as taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an dea-chleachtas maidir le tógáil pobal láidir foghlama a aithint agus a úsáid, agus glacfaimid páirt i dtionscadail agus tionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cur le pobail den chineál sin.	Scoil Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim	
	Curaclam leathan a chur ar fáil	Cuireann BOO Chorcaí curaclam leathan ar fáil i ngach réimse soláthair bunaithe ar riachtanais ár ndaltaí agus foghlaimeoirí. Anuas ar na socruithe curaclaim a leagann an ROS agus SOLAS síos, déanann BOO Chorcaí cumarsáid réamhghníomhach le QQI, SOLAS agus fostóirí chun cláir nua atá bunaithe ar earnálacha a fhorbairt.	Obair leanúnach	Obair leanúnach
	Córais Dearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm	Leanfaidh BOO Chorcaí ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil córais dearbhaithe cáilíochta láidre ann trí acmhainní foirne a chur ar fáil chun an réimse seo a bhainistiú	Obair leanúnach	Obair leanúnach
	Tacú le daltaí/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta reatha	Cuireann BOO Chorcaí cláir éagsúla i bhfeidhm agus soláthraíonn sé tacaíochtaí do dhaltaí trí raon seirbhísí, cosúil leis an gClár Críochnaithe Scolaíochta, Teagmhálaithe Baile, Scoile agus an Phobail, tionscnaimh DEIS agus múinteoireacht acmhainne, agus leanann sé den obair sa réimse	Cigireachtaí ar Ábhair Tuairiscí Meastóireachta ar an Scoil Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim Pleanáil DEIS	Obair leanúnach

		seo ar bhealach réamhghníomhach	Tuairiscí Coinneála an Chláir Críochnaithe Scolaíochta Úsáid a bhaint as Leithdháileadh Múinteoireachta Acmhainne	
	Seirbhís treorach agus comhairleoireachta a chur ar fáil	Déanann BOO Chorcaí athbhreithniú ar a sholáthar treorach gach bliain chun a chinntiú go bhfuil na seirbhísí riachtanacha i bhfeidhm	An Leithdháileadh Múinteoireachta Treorach a Úsáid Tuairiscí Meastóireachta ar an Scoil Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim Tuairiscí Cigireachta ar Ábhair	Obair leanúnach
	Áiseanna foghlama/oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil	Leanfaimid d'fheabhsúcháin ar fhoirgnimh agus áiseanna BOO Chorcaí a aithint, agus forbróimid iad ar aon dul le riachtanais foghlaimoírí agus cláir. Ag an am céanna, iarraidimid ar an maoiniú riachtanach agus cuirimid an maoiniú sin ar fáil.	Spríocanna seachadta maidir le foirgnimh agus áiseanna a chomhlíonadh	Obair leanúnach
	Oideachas faoin aer a chur chun cinn agus a fhorbairt	Oibríonn BOO Chorcaí 2 ionad oideachais allamuigh agus leanfaidh sé d'oideachas faoin aer a chur chun cinn agus a fhorbairt trí na hionaid sin.	Obair leanúnach	Obair leanúnach
	Pleanáil a dhéanamh le haghaidh athruithe déimeagrafaice	Glacfaidh BOO Chorcaí páirt i gComórtais Phátrúnachta. Sna réimsí Iarbhunscoile agus	Páirt a ghlacadh i gcomórtais phátrúnachta a	Comórtas pátrúnachta amháin a bhuachan in 2020

		Breisoideachais agus Oiliúna, i gcomhar le ROS agus SOLAS, déanann BOO Chorcaí dianiarracht pleanáil a dhéanamh le haghaidh treochtaí amach anseo, agus aird á tabhairt do shrianta náisiúnta ó thaobh acmhainní de	fhograíonn ROS agus páirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscnaimh ROS agus SOLAS maidir le pleanáil don todhcháí	
Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le fostaithe	Forbraíonn BOO Chorcaí an fheidhm rannpháirtíochta fostóirí sa BOO trí bhaill foirne a shannadh do ról rannpháirtíochta fostóirí ar leith chun riachtanais na bhfostóirí ó thaobh daoine i bhfostaíocht a uasoiliúint agus a athoiliúint de a shásamh, ar aon dul le socruithe an tionscnaimh 'Skills to Advance'. Cainéil éifeachtacha cumarsáide a fhorbairt le haghaidh teagmháil le fostóirí agus fostaithe. Leanfaidh BOO Chorcaí d'fheabhas a chur ar theagasc agus foghlaim i gcláir atá ann trí chláir dhírith scáthfhoghlama do bhaill foirne	Meitheal a oibríonn ar bhonn comhordaithe chun feacht ar sheirbhísí BOO Chorcaí agus riachtanais fostóirí a ardú  Raon clár agus tionscnamh Scileanna chun Dul Chun Cinn a fhorbairt agus a sheachadadh le fostóirí d'fhostóirí atá ann	Ráta rannpháirtíochta níos airde i gCláir Scileanna chun Dul chun Cinn agus i measc foirne i gcás an chláir scáthfhoghlama. Tá obair á forbairt agus á cur i bhfeidhm go fóill le linn 2020	
Cláir cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí a fhorbairt agus a sholáthar	Leanann BOO Chorcaí de theagmháil a dhéanamh le SOLAS, QQI agus Fostóirí chun cláir cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí a fhorbairt agus a sholáthar	Méadú ar líon na gcúrsaí oiliúna agus printíseachtaí atá ar fáil	An Phrintíseacht Gruagaireachta a thabhairt isteach agus a bhunú mar thairiscint nua	
A chinntiú go bhfuil na bearta cosanta leanaí riachtanacha ar fad i bhfeidhm i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta um Chosaint	Chuir BOO Chorcaí na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus	Cigireachtaí Scoile CPI	Glacann gach Bunscoil agus Iarbunscoil le cur chuige an-	

	Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017	Iarbhunscoileanna 2017 i bhfeidhm i ngach scoil	Leantar an nós imeachta cúí i ngach cás ina dtagann saincheist cosanta leanaí chun cinn agus eisítear na fógraí ábhartha ar aon dul leis na Nósanna Imeachta	réamhghníomhach agus dearfach i leith saincheisteanna Cosanta Leanaí
	Tosaíochtaí STEM/STEAM i scoileanna	Leanfaidh BOO Chorcaí d'ábhair STEM/STEAM a chur chun cinn	Leanfaidh Scoileanna i gCorcaigh de pháirt a ghlacadh i dtionscnaimh / in imeachtaí éagsúla a bhíonn ar siúl chun amhail a chur chun cinn, Comórtas na nEolaithe Óga BT san áireamh	Aird a tharraingt ar na tionscnaimh atá ann agus forbairt a dhéanamh orthu chun na leibhéil arda rannpháirtíochta a choimeád
	Tacaíochtaí foghlama TCF ar ardchaighdeán a chur ar fáil i scoileanna/ionaid	Úsáid TCF mar uirlis foghlama a chur chun cinn trí chonradh BOO Chorcaí maidir le gléasanna bainistithe, chomh maith le hobair an Ghrúpa Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta don Bhreisoideachas agus Oilíúint. Déanfaidh sé athbhreithniú ar na meicníochtaí atá ann chun úsáid a bhaint as Moodle agus Office 365 mar ardáin chun na críche sin agus forbróidh siad samhlacha deachleachtais roinnte freisin chun tacú le foghlaim chumaisc agus plean feidhmíthe	Tacaíocht a thabhairt d'Ionaid/Scoileanna agus Seirbhísí trí mheán róil Tacaíochta Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta agus soláthar gléasanna pearsanta chun inniúlacht dhigiteach agus muinín i measc na foirne soláthair a úsáid agus a forbairt, chun líon	4 scoil bhreise a bheith ag úsáid seirbhísí gléasanna móibíleacha  Plean foghlama digití a bheith ag gach scoil a chomhlíonann riachtanais ROS  Úsáid ghníomhach á bain as Timpeallacht Fhíorúil Foghlama

			na scoileanna a ghlacann le seirbhísí gléasanna móibíleacha a mhéadú agus chun an t-inneachar ar ardáin foghlama a mhéadú	sna próisis measúnaithe thar ionaid agus seirbhísí
Tacaíocht d'Fhoireann	Baill foirne a earcú agus a choinneáil	A chinntiú go bhfógrófar agus go líonfar gach post folamh. Glacann BOO Chorcaí le cur chuige réamhghníomhach i leith earcaíochta agus tá roinnt straitéisí ar bun aige chun tionchar ganntanas scileanna atá ann ar bhonn náisiúnta thar roinnt príomhphost a laghdú, poist mhúinteoireachta san áireamh.	Gach folúntas a fhógairt agus a líonadh taobh istigh de thréimhse réasúnta agus fógraíocht a dhéanamh mar is cuí agus in am trátha	Feachtas earcaíochta ar líne le tosú i bhFeabhra agus le bheith ar siúl ar feadh 6 mhí. Gach folúntas a líonadh taobh istigh de 6 seachtaine in ainneoin comhaltaí boird agus acmhainní boird a bheith ar fáil
	Tacú le baill foirne maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach	Tá an ardbhainistíocht i ngach réimse soláthair freagrach as deiseanna FGL a aithint agus a chur chun cinn ag leibhéal corparáideach/scoile/ionaid agus beidh tionscnaimh FGL bainteach go saineúil le réimse corparáideach, le suíomh agus le duine.	Méadú ar líon na gclár FGL dírithe a sholáthraítear i ngach réimse soláthair	2 chlár dírithe ar a laghad a sholáthar ag an leibhéal corparáideach i ngach réimse agus 2 cheann ar a laghad ag leibhéal an tsuímh
	Tacú le ceannaireacht ardchaighdeán sa BOO agus an cheannaireacht sin a fhorbairt	Cruinnithe rialta idir grúpaí éagsúla ardbhainistíochta le heagrú don bhliain, agus cruinniú ina measc chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus an FGL atá de dhíth á haithint lena linn sin freisin	Cruinnithe a chur ar siúl i gcomhréir leis an sceideal agus measúnuithe a sheoladh ar aghaidh chuig an bhFeidhmeannas /	Measúnú a chur i gcrích ag gach grúpa roimh dheireadh Ráithe 3



			Bord leis na tionscnaimh forbartha a aithníodh más gá	
	Feasacht ar shláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn	Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta nua a rolladh amach ar fud na heagraíochta, in éineacht le teimpléid tacaíochta	Ráiteas agus teimpléid le cur i bhfeidhm ag gach ionad agus FGL a chur ar fáil do bhainisteoirí sinsearach, chomh maith le hIonadaithe Sláinte agus Sábháilteachta	Tús a chur le teimpléid ag deireadh Ráithe 1 agus iad a chur i bhfeidhm go hiomlán a dhéanamh roimh dheireadh 2020, agus tús a chur le FGL sláinte agus sábháilteachta ar bhonn rollach ar fud na heagraíochta
	Timpeallacht oibre dhearfach agus thacúil a chur ar fáil	Leanann BOO Chorcaí de Chóras Sláinte Ceirde a úsáid agus cuireann sé Clár Cúnaimh d'Fhostaithe ar fáil	Obair leanúnach	Obair leanúnach
	Tacú le folláine foirne	Tionscnaimh folláine a aithint bunaithe ar shuíomhanna agus eagraíochtaí	Tionscnaimh do bhaill foirne a aithint agus a chur chun cinn ag gach suíomh/ionad, de réir acmhainní atá ar fáil	Tionscnamh do bhaill foirne a chur ar siúl ag gach suíomh/ionad in 2020, de réir acmhainní atá ar fáil
Rialachas	Struchtúir agus córais eagraíochta a fhorbairt chun riachtanais athraithe na heagraíochta a shásamh	Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar struchtúir agus córais agus cé chomh hoiriúnach is atá siad, de réir na n-acmhainní agus srianta ar fáil	Chomh fada agus is féidir, leanann BOO Chorcaí de bheith ag feidhmiú go héifeachtach agus ag dul i ngleic le rioscaí / athruithe ar an timpeallacht de	Laghdú ar mhíreanna ardriosca liostaithe sna Tuairiscí Iniúchta

			réir mar a thagann siad chun cinn	
Airgeadas agus rioscaí a bhainistiú go héifeachtach	<p>Réamh-mheastacháin rialta maidir le sreabhadh airgid a ullmhú agus saoráidí rótharraingthe cuí a chur ar bun.</p> <p>Buiséid a leithdháileadh ar scoileanna, ionaid, cláir agus tionscadail trí phróiseas comhaontaithe agus trédhearcach.</p> <p>Tuairiscí bainistíochta míosúla a ullmhú agus a thabhairt do shealbhóirí buiséid agus monatóireacht a dhéanamh ar fholúntais.</p> <p>Na hathbheithnithe riachtanacha a chur isteach do SOLAS agus caiteachas deireadh bliana a réamh-mheasadh ag Ráithe 2 agus Ráithe 3. Tuairiscí Airgeadais a chur ar fáil do ROS agus eile de réir mar is gá.</p>	<p>Sreabhadh airgid leordhóthanach chun íocaíochtaí a dhéanamh</p> <p>Beartú tosaíochta maidir le hacmhainní airgeadais a úsáid.</p> <p>Tuairisciú tráthúil don eagraíocht mhaoinithe</p>	<p>Próisis éifeachtacha buiséadaithe agus tuairiscithe.</p> <p>Úsáid éifeachtúil acmhainní airgeadais a uasmhéadú</p> <p>Riosca calaoise agus neamhchomhlíonta a sheachaint.</p> <p>An fhoireann agus eagraíocht a chosaint ar dhamáiste clú.</p>	
Acmhainní a úsáid go héifeachtúil	Monatóireacht leanúnach ar acmhainní agus úsáid acmhainní	Seirbhísí a bhainistiú agus leanúint de sheirbhísí a fhás agus a mhéadú chun a bhfuil ár n-úsáideoirí seirbhíse ag súil leis a shásamh	Na hacmhainní ar fad a úsáid mar is cuí, agus cur isteach ar bhealach tráthúil ar gach folúntas foirne / maoiniú foirne	
Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh	Modhanna cumarsáide cuí leis an bhfoireann a chur ar bun. Foireann	Láithreán gréasáin inlíne d'fhoireann a	Deireadh Ráithe 3 in 2020 don inlíne	

	cumarsáide a bhunú chun BOO Chorcaí a fhorbairt agus a chur chun cinn mar rogha Soláthraí Oideachais	athdhearadh agus a athsheoladh, agus béim a leagan ar chumarsáid, plean cumarsáide / cur chun cinn a fhorbairt	agus deireadh Ráithe 2 don phlean cumarsáide
Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha	Córas a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm le páirtithe leasmhara	Leanúint de na Comhaontuithe Seirbhíse atá ann a athnuachan mar a thiteann siad agus Comhaontú Seirbhíse a chur ar bun le gach páirtí leasmhar nua	Comhaontú seirbhíse a chur ar bun le gach páirtí leasmhar seachtrach
Cosaint sonraí éifeachtach a chinntiú	Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh GDPR agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta suas chun dáta	Athbhreithniú ar nósanna imeachta a dhéanamh ag Oifigeach GDPR	Nósanna imeachta nuashonraithe a eisiúint, más gá, le linn 2020
Caidreamh éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt	Leanfaidh BOO Chorcaí de chaidreamh a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara ar fad ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta	Tá ionadaíocht chuí á déanamh ar BOO Chorcaí ar gach Bord áitiúil agus náisiúnta. Ag imeachtaí ROS / SOLAS agus tionscnaimh / imeachtaí eile a bhfuil tionchar acu ar sholáthar seirbhísí ag BOO Chorcaí.	Leanfaidh BOO Chorcaí d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar rannpháirtíocht agus caidreamh gníomhach
Deachleachtas maidir le soláthar a leanúint	Anailís ar chaiteachas 2019 agus MAPP a ullmhú lena gcur isteach chuig BOOÉ.	Réimsí breise a aithint a dteastaíonn próisis soláthair ar	MAPP a chur isteach roimh 1 Meán Fómhair

	<p>Plean Soláthair Corparáideach a ullmhú do 2020-2021.</p> <p>Tacú le Nósanna Imeachta Soláthair a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta agus oiliúint leanúnach a chur ar fáil mar is gá.</p> <p>Leanúint de pháirt a ghlacadh i Líonra Soláthair BOOÉ.</p>	<p>fud na heagraíochta ina leith.</p> <p>Cur chuige struchtúrtha i leith tosaíochtaí soláthair.</p> <p>Comhlíonadh soláthair a mhéadú</p> <p>A bheith suas chun dáta maidir le forbairtí ar sholáthar poiblí.</p>	<p>Réimsí a aithint ina mbeifí ábalta luach ar airgead a uasmhéadú.</p> <p>Príomhtháscairí feidhmíochta sa Phlean Soláthair Corparáideach a chur i bhfeidhm</p> <p>A chinntiú go bhfuil go leor oiliúna ag sealbhóirí Buiséid nua.</p> <p>Leas a bhaint as creatlaigh i bhfeidhm ar fud na hEarnála Poiblí mar is cuí.</p>
<p>A chinntiú go gcloítear le riachtanais reachtúla agus rialála</p>	<p>Leanann BOO Chorcaí de mhonatóireacht a dhéanamh chun a chinntiú, chomh fada agus is féidir agus de réir na n-acmhainní atá ar fáil, go gcloítear le riachtanais reachtúla agus rialála</p>	<p>Páirt a ghlacadh in iniúchtaí éagsúla inmheánacha agus seachtracha, monatóireacht a dhéanamh ar mholtaí agus tuairiscí reachtúla a tháirgeadh taobh</p>	<p>Plean Seirbhíse, Ráitis Airgeadais Bhliantúla, Tuarascálacha Bliantúla, tuairiscí de réir mar is cuí</p>

		istigh de na tréimhsí riachtanacha		
	A chinntiú go gcloítear go hiomlán leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunascoileanna 2017	Chuir BOO Chorcaí na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunascoileanna 2017 i bhfeidhm i ngach scoil. Trí phointe teagmhála a bheith i bhfeidhm sa Ceannoifig ar féidir Scoileanna teagmháil a dhéanamh leo maidir le haon saincheist cosanta leanaí a thagann chun cinn agus a chinntiú go gcloítear go hiomlán le nósanna imeachta. Tá BOO Chorcaí ag plé le BOOÉ chun nósanna imeachta a fhorbairt don fhoireann neamh-mhúinteoireachta.	Má thagann ceist cosanta leanaí chun cinn, teagmháil a dhéanamh le duine den daoine cuí sa Cheannoifig agus an nós imeachta cuí i ngach cás a leanúint agus na fógraí ábhartha a eisiúint ar aon dul leis na Nósanna Imeachta.	Nós imeachta don fhoireann neamh-mhúinteoireachta a fhoilsiú.
Clár Chosanta	Tacú leis an ROS, de réir mar is gá, chun na riachtanais a thagann as Clár Cosanta Teifeach na hÉireann agus socruithe a dhéanamh d'iaratasóirí cosanta idirnáisiúnta			

Anuas ar na haidhmeanna agus tosaíochta thuas a chomhaontaíodh ag leibhéal náisiúnta, cuirfear tús leis na tosaíochtaí straitéiseacha sonracha seo a leanas do BOO Chorcaí, nó cuirfear i gcrích iad, le linn 2020 chun dul chun cinn ar an Ráiteas Straitéise foriomlán a áirithiú.

Aidhm	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Córais TCF Fheabsaithe	Suíomh inlíne d'fhoireann a fhorbairt agus a thabhairt isteach a leagfaidh béim láidir ar chumarsáid agus luachanna a nascadh.	Tús a chur le próiseas chun soláthraí oiriúnach a fhoinsiú	Dul ar aghaidh a dhéanamh ar obair ar bhealach gníomhach chun a chinntiú go mbíonn córas oiriúnach don fheidhm agus suimiúil go leor chun an fhoireann a mhealladh	Seoladh ag deireadh Ráithe 3
Seirbhísí Comhroinnte Párolla Sheirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais (SCGO)	A chinntiú go bhfuiltear réidh don aistriú toinne agus na tréimhsí a thugtar do BOO Chorcaí ina leith  Íocaíochtaí le foghlaimeoirí a aistriú chuig SCGO	Athbhreithniú leanúnach ar ghlantacháin sonraí, sonraí stairiúla agus plé a dhéanamh le SCGO maidir le feidhmiúlacht  Oibriú le SCGO maidir le húdarás dearaidh agus grúpa stiúrtha don tionscadal seo	Plean a fhorbairt do na sonraí atá ann a ghlanadh agus plé réamhghníomhach a dhéanamh le SCGO chun a chinntiú go dtástáiltear gach réimse feidhmiúlachta i BOO Chorcaí roimh an uasghrádú/aistriú  Íocaíochtaí le foghlaimeoirí a aistriú chuig SCGO	Na sonraí stairiúla ar fad a aistriú roimh dheireadh Ráithe 3, más féidir, agus tástáil a dhéanamh ar gach réimse feidhmiúlachta  Printísigh a aistriú i Márta 2020 agus foghlaimeoirí eile roimh dheireadh na bliana 2020
Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe	Tús a chur le plé ar Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe	Plean a scóipeáil agus a fhorbairt chun go ndéanfaidh BOO Chorcaí aighneacht	Plean a dhéanamh le haghaidh measúnú tosaigh le cur i gcrích, agus réimse forbartha ar leith a aithint	Ag brath ar acmhainní ar fáil agus ullmhacht eagraíochta, measúnú tosaigh a chur i gcrích roimh dheireadh Ráithe 2



	<p>An Scéim Oibreacha Samhraidh, Oibreacha Éigeandála agus miontionscadail oibreacha tógála a chur i gcrích</p>	<p>Próiseáil a dhéanamh ar aon dul le riachtanais ROS maidir le hiarratas agus soláthar</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>✓ Coláiste Bhrógáin Naofa, Droichead na Bandan</li> <li>✓ Coláiste Ghobnatan, Baile Mhuirne</li> <li>✓ Scoil Mhuire, Cill na Mallach</li> <li>✓ Coláiste Pobail Churrach an Eich Bhuí, An Cóbh</li> </ul> <p>Dul chun cinn a dhéanamh maidir le hiarratais ar chóiríocht bhreise do:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>✓ Coláiste Choilm, Baile an Chollaigh</li> <li>✓ Coláiste Fionnchua, Baile Mhistéala</li> <li>✓ Coláiste Daibheid, Cathair Chorcaí</li> </ul> <p>Tá scoileanna/ionaid ábalta fanacht ar oscailt agus oibriú i dtimpeallacht shábháilte</p>	<p>Ráithe 1 2020</p> <p>Ráithe 2 2020</p> <p>Ar siúl</p> <p>Ráithe 1 2020</p> <p>Ráithe 1 2020 Ar siúl</p>
--	---	---	---	--



Scoileanna	Pléifidh BOO Chorcaí go réamhghníomhach le roghanna curaclaim nua cosúil leis an ábhar nua Eolaíocht Ríomhaireachta ag leibhéal na hArdteistiméireachta	Táimid ag plé go gníomhach le PPLLI maidir leis an bhféidearthacht atá ann Sínis a thabhairt isteach mar rogha ábhair i roinnt dár scoileanna. Leanaimid de thacaíocht a thabhairt dár scoileanna sa chéim tosaigh maidir le hEolaíocht Ríomhaireachta agus Corpoideachas a thabhairt isteach mar ábhair scrúdaithe Ardteistiméireachta	Na hábhair sin a thabhairt isteach ag leibhéal na hArdteistiméireachta i roinnt dár scoileanna	Gach ceann de na 3 ábhar a thabhairt isteach is scoil amháin ar a laghad roimh dheireadh 2020.
Scoileanna	Leanfaimid lenár gcaidreamh lenár bpáirtithe leasmhara a fhorbairt bunaithe ar mheas frithpháirteach agus gairmiúlacht roinnte chun leas ár bhfoghlaimoirí	I gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta, táimid ag plé conas a thabharfaimid an clár nua Beacons isteach	Comhairliúchán rathúil leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus plean a chur ar bun, más cuí	Úsáid a bhaint as próiseas pleanála iomlán chun cinneadh a chumasú maidir le conas is féidir dul ar aghaidh
Breisoideachas agus Oiliúint	Leanfaimid ar aghaidh, trínár bpróisis athbhreithnithe inmheánacha agus seachtracha, chun deachleachtas agus réimsí feabhais a aithint mar chuid dár bhforbairt leanúnach ar chóras Dearbhaithe Cáilíochta chomhtháite	Tabhairt faoi fhéinmheasúnuithe ar leith ar sheirbhísí agus ionaid mar chuid rannpháirteach den Athbhreithniú Reachtuil foriomlán agus, mar chuid de phleananna feabhsúcháin a bhaineann go sonrach le hionad/seirbhís nó plean ar fud an BOO, réimsí	Próiseas athbhreithnithe reachtuil a dhéanann Painéal Saineolaithe Seachtracha QQI a bheith críochnaithe, agus tuarascáil athbhreithnithe dhearfach a bheith ann dá bharr.	Pleananna próisis athbhreithnithe agus feabhsúcháin a chur i gcrích roimh Ráithe 4 2020

		feabhsúcháin agus deachleachtais a aithint		
Breisoideachas agus Oiliúint	Leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar áiseanna, áitreabh agus seirbhísí atá ar fáil do sholáthar cláir Breisoideachais agus Oiliúna agus infheistíocht a dhéanamh in oibreacha feabhsúcháin agus uasghráduithe	Réimsí ar féidir feabhas a chur orthu/forbairt a dhéanamh orthu a aithint. Athbhreithnithe Sláinte agus Sábháilteachta a dhéanamh ar ár n-ionaid Breisoideachais agus Oiliúna go léir	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ionad an Taoibh Thiar a chur i gcrích</li> <li>• Tús a chur le huasghrádú ar ionad breisoideachais agus oiliúna Mhala</li> <li>• Ógtheagmháil Mhaigh Chromtha a uasghrádú</li> <li>• Tús a chur le huasghrádú ar áiseanna Altranas Tréidliachta agus Grianghrafadóireacht Choláiste Eoin</li> </ul>	Le linn 2020
AN ÓIGE	Leanfaimid de thacaíocht a chur ar fáil do sheirbhísí oibre don aos óg a sholáthar, a forbairt agus a mheasúnú ar fud Chorcaí trí acmhainní cuí dírithe a sholáthar	Tacú le UBU "Your Place, Your Space" a chur i bhfeidhm i gcomhar le soláthraithe Seirbhíse don Aos Óg agus gníomhairí ag gníomhú thar ceann BOO Chorcaí	Athbhreithniú rathúil ar thionscadail atá ann, pleananna seirbhíse a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm do na tionscadail/réimsí ar a ndírítear, agus tosaíochtaí agus fócas comhaontaithe a bheith ann	Le linn 2020

## 6. Forléargas ar Sheirbhísí 2020 (A bhaineann go sainsiúil le BOO)

### SCOILEANNA

#### Bunscoileanna

Pátrún 2 Scoil Náisiúnta Phobail (SNP) is ea BOO Chorcaí. Is tús nua dúinn i BOO Chorcaí páirt a ghlacadh i mbunoideachas in Éirinn.

- Scoil Náisiúnta Phobail Scoil Aonghusa, Ascaill Kingsfort, Baile Castlepark, Mala, Contae Chorcaí
- Scoil Náisiúnta Phobail Scoil Chlíodhna, West End, Carraig Thuathail

Leanfaidh BOO Chorcaí de chomhairle agus tacaíocht oideachasúil, airgeadais, acmhainní daonna agus tógála do gach ceann de na scoileanna sin, chomh maith le tacaíocht maidir lena rialachas agus bainistíocht fhoriomlán. Tá Boird Bhainistíochta bunaithe dóibh agus tá oiliúint ar siúl chun cur ar a gcumas a bhfeidhmeanna ar fad a chomhlíonadh.

#### Athchumraíocht Bunscoileanna

Bhunaigh an Roinn Oideachas agus Scileanna (ROS) Próiseas Éagsúlachta maidir le hAthchumraíocht Scoileanna chun aghaidh a thabhairt ar an ngealltanas i gClár an Rialtais 2016 chun méadú a chur ar líon na scoileanna il-sainchreidmheacha agus neamh-shainchreidmheacha, agus é mar aidhm 400 scoil a bheith ann roimh 2030.

Tá freagrachtaí ar BOOanna, mar údaráis reachtúla agus faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, as soláthar oideachais ina réimsí feidhme a phleanáil, a chur ar fáil, a chomhordú agus a athbhreithniú. Tá BOO Chorcaí ag feitheamh le forbairtí breise ag an leibhéal náisiúnta sa réimse sin.

#### Iarbhunscoileanna

Pátrún 28 coláiste iarbhunscoile is ea BOO Chorcaí. Áirítear leis sin 4 Choláiste Breisoideachais a thuiriscítear sa mhír Breisoideachais agus Oiliúna. Tá dhá cheann déag de na coláistí sin ainmnithe mar choláistí Pobail má tá comhaontú ann idir an t-easpag Caitliceach Rómhánach áitiúil maidir le rannpháirteachas i rialachas an choláiste. Soláthraíonn BOO Chorcaí raon seirbhísí do na scoileanna sin, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, acmhainní daonna, tógála, TCF, tacaíochta rialachais, chomh maith le tacaíocht pleanála oideachais.

Chomh maith leis sin, is é BOO Chorcaí comhphátrún 12 scoil phobail i gCorcaigh in éineacht le deoise nó ord rialta.

Tuairtear go dtiocfaidh méadú 686 dalta ar fud ár scoileanna iarbhunscoileanna aitheanta i Meán Fómhair 2020. Is méadú suntasach é sin agus tá BOO Chorcaí ag pleanáil agus ag soláthar, ar bhealach gníomhach, roinnt tionscadal tógála suntasach chun freastal a dhéanamh ar an bhfás a bhfuiltear ag súil leis.

Anuas air sin, soláthraíonn BOO Chorcaí roinnt suíomhanna oideachais den chineál iarbhunscóile chun tacú le hoideachas iarbhunscóile a chur ar fáil do dhaltáí nach bhfuil i soláthar príomhshrutha. Aonaid sainchúraim, ardtacaíochta agus cúraim cónaithe atá sna suíomhanna sin, is iad sin Ard Álainn, Ospidéal Stiofáin, Gleann Maghair agus Éist Linn, An Dúcharraig

## **BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT**

### **Coláistí Breisoideachais**

Lean na Coláistí Breisoideachais de chuid BOO Chorcaí de raon agus cineál cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a chur ar fáil a bhí cosúil go leor leo siúd a cuireadh ar fáil sa bhliain roimhe sin. Cé go ndearna coláistí, sa chás gurbh fhéidir é a dhéanamh, cúrsaí a athrú agus a mhodhnú chun riachtanais an mhargaidh saothair áitiúil agus na bhfoghlaimoírí a shásamh, bhí srian fós le cumas an BOO cúrsaí go hiomlán nua a fhorbairt agus a thabhairt isteach, mar gheall nárbh fhéidir baill foirne speisialaithe bhreise a earcú toisc go raibh níos mó múinteoirí ag an scéim ná a leithdháileadh múinteora.

Ar aon dul le riachtanais SOLAS agus Comhaontú Pleanála Straitéisí an BOO, rinneadh gach cúrsa iar-ardteistiméireachta a chatagóiriú go foirmiúil bunaithe ar a mbéim ar iontráil sa mhargadh saothair (fostaíocht) nó dul ar aghaidh chuig ardoideachas nó breisoideachas.

Tháinig laghdú ar líon na gclárúcháin don bhliain acadúil 2019-2020 go 4000, ó 4,004 sa bhliain roimhe sin go dtí 3,733. Bhí tionchar suntasach ar líon na gclárúcháin ar chúrsaí ag an bhfeabhas ar an ngeilleagar, a bhfuil deiseanna níos mó fostaíochta ann dá bharr, agus ag beartas leanúnach na hearnála Ardoideachais méadú a chur ar chlárúcháin agus na riachtanais pointí CAO do líon mór cúrsaí a laghdú.

Tá an earnáil iar-ardteistiméireachta fós ag plé le Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna a thabhairt isteach agus d'éirigh leo iad a thabhairt isteach sna Coláistí. Tugadh an phrintíseacht Seirbhísí Réadmhaoine/Ceantálaíochta isteach i gColáiste Tráchtála Chorcaí agus bhí éileamh mór uirthi agus thosaigh líon ard daoine ar an bprintíseacht. Cheadaigh SOLAS roinnt clár réamhphrintíseachta lena bhforbairt i Lár-Choláiste Eoin agus cuirfear tús lena soláthar in 2020.

### **Ionad Oiliúna Chorcaí (Seirbhísí Oiliúna)**

Is é Ionad Oiliúna Chorcaí, atá lonnaithe ar Ascaill Rosa, Baile an Easpaig, an t-ionad agus mol oibríochta do na seirbhísí oiliúna a sholáthraíonn BOO Chorcaí faoi Bhreisoideachas agus Oiliúint. Cé gurb é an t-ionad an suíomh soláthair do raon printíseachtaí, lena n-áirítear oiliúint lasmuigh den láthair oibre (Céim 2), freastalaíonn an t-ionad ar

raon clár sainoiliúna agus is é an t-ionad a chomhordaíonn agus a riarann soláthar seirbhíse. Tá raon oifigí tacaíochta Breisoideachais agus Oiliúna de chuid BOO Chorcaí lonnaithe ann, lena n-áirítear Dearbhú Cáilíochta, Treoir agus Seirbhísí don Aos Óg.

Ar aon dul le paraiméadair agus riachtanais phleanála náisiúnta maidir le Breisoideachais agus Oiliúint, leanfaidh seirbhísí oiliúna BOO Chorcaí ag iarraidh an cumas oiliúna printíseachta ar féidir a sholáthar tríd an ionad a mhéadú. Chun na críche sin, déanfar na spásanna oiliúna atá ann a athchumrú agus infheistíocht in acmhainn bhreise taobh amuigh

den ionad. Leagfaidh an tIonad Oiliúna béim agus fócas ar leith ar fhorbairt agus soláthar na hoiliúna breise do dhaoine i bhfostaíocht ar aon dul le beartais SOLAS de réir mar a fhorbraítear iad.

I Samhain 2019, d'oscail Ionad Oiliúna Chorcaí Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Taoibh Thiar. Cuireann an t-ionad sin áiseanna saincheaptha ar fáil do raon clár breisoideachais agus oiliúna, go príomha chun freastal a dhéanamh ar riachtanais ar na hearnálacha Fáilteachais agus Lónadóireachta, lena n-áirítear an phrintíseacht commis chef agus na cláir fáilteachais agus scileanna cócaireachta ag leibhéal 5 agus 6 QQI. Críochnófar áis bhreise cistine go luath in 2020 ag an ionad.

Soláthraíonn feidhm Oiliúna BOO Chorcaí cláir chun scileanna a thabhairt do dhaoine dífhostaithe, chun a scileanna a athnuachan nó scileanna nua a thabhairt dóibh, chomh maith le cuardaitheoirí poist eile chun go mbeidh siad ábalta post a aimsiú agus/nó dul ar aghaidh go dtí ardoideachas nó breisoideachas agus oiliúint a chuirfidh ar a gcumas dul san iomaíocht sa mhargadh saothair. Soláthraítear na cláir sin trí mheán cúrsaí lae lánaimseartha, cúrsaí oíche nó cúrsaí ar líne. Tá laghdú ag teacht ar mhéid na gníomhaíochta i soláthar dírithe ar dhaoine dífhostaithe, de réir mar a thiteann líon na ndaoine ar an mbeochlár. Léirítear méid na gníomhaíochta oiliúna sa bhuiséad oiliúna bliantúil.

Dhírigh seirbhísí oiliúna ar a chumas agus cur chuige i leith na gealltanais agus tosaíochtaí atá leagtha amach sa straitéis Scileanna chun Dul Chun Cinn a chur i gcrích. Déantar socruithe sa straitéis sin maidir le daoine i bhfostaíocht a uas-sciliú agus a athoiliúint. Faoi na trí snáithe atá leagtha amach sa straitéis, forbraítear soláthar oideachais agus oiliúna chun riachtanais oiliúna agus forbartha gairmiúla na bhfostaithe a shásamh, agus soláthraítear é ar bhealach a bhfuil sé mar aidhm aige riachtanais na bhfostóirí agus fostaithe araon a shásamh. Déanfar forbairt bhreise ar chumas BOO Chorcaí gnéithe den straitéis Scileanna chun Dul Chun Cinn a chur i gcrích le linn 2020.

## Seirbhísí don Aos Óg

Cuireann BOO Chorcaí raon seirbhíse óige do dhaoine óga ar fud an réigiúin mar chuid de chlár éagsúla don Aos Óg arna maoiniú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige trí roinnt soláthróirí maoinithe Seirbhíse don Aos Óg. Faigheann Seirbhís don Aos Óg BOO Chorcaí leithdháileadh maoinithe os cionn €2.5 billiún gach bliain. Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís gníomhaíochtaí rannpháirtíochta don aos óg a chur ar fáil taobh amuigh de shuíomhanna oideachais foirmiúla chun daoine óga a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh páirt ghníomhach a ghlacadh ina bpobal mar shaoránaigh, eiseamláirí agus ceannairí i measc a bpiaráí.

Oibríonn BOO Chorcaí, trína Aonad Seirbhísí don Aos Óg, le roinnt eagraíochtaí Óige chun Seirbhísí don Aos Óg a chur ar fáil thar a cheann, lena n-áirítear:

- YMCA
- Foróige
- Obair d'Ógra Éireann, Corcaigh
- Seirbhísí don Aos Óg, An Cóbh
- Clann Shíomóin, Corcaigh
- Meitheal Mara

- Good Shepherd Services
- Churchfield Trust.

Tá BOO Chorcaí freagrach as maoiniú a riar agus a thabhairt do os cionn 35 tionscadal agus seirbhís don aos óg ar fud Chathair Chorcaí agus Chontae Chorcaí.

Déanann foireann Seirbhísí don Aos Óg BOO Chorcaí tacaíocht a thabhairt dá n-obair agus soláthar agus déanann sí maoirseacht orthu chomh maith. Lorgáíodh cead ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige in 2019, agus fuarthas é, chun an fhoireann seirbhísí don aos óg a mhéadú. Dá bharr sin, earcaíodh Oifigeach Forbartha Óige (Oifigeach Óige sinsearach) a bhfaigheann tacaíocht ó thrí Oifigeach Óige. Fógraíodh dhá phost Tacaíochta don Aos Óg don tseirbhís, daoine a chuirfidh méadú ar a cumas agus a hábaltacht tacaíocht a thabhairt don fheidhm seirbhíse don aos óg sa BOO. Tá an méadú agus an fhorbairt sin ar an bhfoireann Seirbhísí don Aos Óg ach go háirithe tábhachtach mar a théann an earnáil ar aghaidh i dtreo an scéim mhaoinithe óige athbhreithnithe a chur i bhfeidhm, scéim a chuirfidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige amach in 2020. Tá próifíliú suntasach limistéir ag teastáil don scéim, dar teideal "*UBU, Your Place, Your Space*", chun na riachtanais i measc an chohóirt ar a ndírítear a aithint agus chun cuir chuige dírithe oiriúnacha a fhorbairt in éineacht le soláthraithe seirbhíse chun na riachtanais sin a chomhlíonadh.

Déanann coiste an Bhoird maoirseacht ar Sheirbhísí don Aos Óg BOO Chorcaí, coiste atá freagrach as pleanáil straitéiseach agus monatóireacht.

## Ógtheagmháil

Ar aon dul le plean straitéiseach BOO Chorcaí, tá sé mar aidhm againn oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar a léiríonn saol an lae inniu mar atá agus méadú a chur ar dheiseanna foghlaimoírí dul ar aghaidh go dtí fostaíocht agus/nó breisoideachas.

Is clár oideachas agus oiliúna é Ógtheagmháil do dhaoine óga idir 15 agus 20 bliain d'aois a dteastaíonn oideachas atá difriúil le suíomh oideachais foirmiúil uathu. Díríonn an clár Ógtheagmhála mar a chéile ar fhorbairt scileanna acadúla, gairme agus boga agus tá deis ag foghlaimoírí teastas a fháil ag Leibhéal 3 agus Leibhéal 4. Déanann an clár éascaíocht orthu rochtain a fháil ar bhreisoideachas, oiliúint agus fostaíocht, nó aistriú chucu nó dul ar aghaidh go dtí iad.

Tar éis do BOO Chorcaí athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár Ógtheagmhála, forbraíodh curaclam athbhreithnithe i gcomhar le gach ionad. Forbraíodh an ghné Socrúcháin Oibre den chlár agus cuireadh feabhas air chun a chinntiú go bhfuil sé fós fóna d'fhoghlaimoírí agus fostóirí. Dá bharr sin, tá deis foghlama níos fiúntaí agus níos suimiúla ann do rannpháirtithe agus fostóirí. Tá an Curaclam Ógtheagmhála ag úsáid cur chuige cumaiscthe foghlama níos mó ina dtugtar gníomhaíocht sa rang agus forbairt phearsanta le chéile ar bhealach pleanáilte agus struchtúrtha.

D'fhoilsigh SOLAS an mheastóireacht neamhspleách, Meastóireacht ar an gClár Náisiúnta Ógtheagmhála, chomh maith lena fhreagraí agus moltaí féin maidir leis na Torthaí i mBealtaine 2019. Tá tús curtha ag BOO Chorcaí le hathbhreithniú agus tagarmharcáil a sholáthair dá réir sin.

## Litearthacht d'Aosaigh

Díríonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar Sheirbhís Oideachais Litearthachta d'Aosaigh chomhtháite a chur ar fáil. Tá creidiúnú ar fáil ó Leibhéal 1 go Leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Laistigh den sainchúram sin, soláthraíonn Seirbhís Litearthachta BOO Chorcaí raon leathan clár a dhíríonn ar fheabhas a chur ar léitheoireacht, scríbhneoireacht, uimhearthacht agus scileanna TCF do dhaoine fásta ar mian leo feabhas a chur ar a n-inniúlachtaí agus ar a rannpháirtíocht sa saol pearsanta, sóisialta, pobail agus eacnamaíoch. Tá na cláir a chuirtear ar fáil éagsúil agus solúbtha. Bíonn idir thacaíocht 1:1 ó shaorálaithe, dhiantegasc grúpa agus thorthaí creidiúnaithe/deimhnithe. Díríonn deimhniú ar thorthaí foghlama ag leibhéal 1-3 CNC.

Oibríonn an tseirbhís go dlúth leis an tSeirbhís Oideachais d'Aosaigh i gcoitinne chun roghanna dul chun cinn a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí a bhaineann go saineúil le riachtanais na bhfoghlaimoirí, fostóirí agus an cheantair áitiúil. Oibrítear le comhghleacaithe le linn an phróisis phleanála chun a chinntiú go soláthraítear cláir oiriúnacha fhriothálacha ag Leibhéal 3 agus go mbíonn conairí soiléire ann chun dul ar aghaidh go dtí cláir Leibhéal 4 agus Leibhéal 5.

Sa chlár Scileanna don Obair, oibríonn an tseirbhís litearthachta le fostóirí chun cláir a chur ar fáil a bhfuil sé mar aidhm acu leibhéal inniúlachta na bhfostaithe ag a bhfuil leibhéal ísle cáilíochtaí oideachais a ardú agus feabhas a chur ar a scileanna TF. Mar sin, beidh fostaithe ábalta déileáil le hathruithe rialta agus leanúnacha ar chleachtais oibre. Cuirtear teagasc Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile ar fáil suas go dtí Leibhéal 3 ar an CNC agus tugtar tús áite don lucht iarrtha tearmainn agus oibrithe imirceacha agus inimirceacha ón AE ar ioncain ísle. Tugann an clár Foghlama Teaghlaigh tacaíochtaí ríthábhachtacha do thuismitheoirí nach raibh ach oideachas teoranta acu, agus cuidíonn sé le bacainní a shárú maidir le foghlaim i gcomhthéacsanna difriúla.

In 2019, rinneadh an Ról Réigiúnach maidir le Scileanna don Obair a athailíniú. Mar chuid den ról, bhí comhordaitheoir ag bainistiú agus ag comhordú soláthair an chlár ar fud réigiún an Oirdheiscirt (Corcaigh, Ciarraí, Port Láirge agus Loch Garman). Ach anois níl an comhordaitheoir freagrach ach as cláir i réigiún Chorcaí.

## Oideachas Pobail

Soláthraítear Oideachas Pobail i gcomhar le heagraíochtaí pobail chun deiseanna foghlama áitiúla a chur ar fáil. Is é an aidhm ná forbairt a dhéanamh ar chumas pobal áitiúil páirt a ghlacadh i bhfreagairtí do mhíbhuntáiste oideachais agus struchtúrach a fhorbairt.

Déantar seirbhísí Oideachais Pobail agus d'Aosaigh BOO Chorcaí a bhainistiú agus a chomhordú ar bhonn fo-réigiúnach, agus tá ceithre réimse pleanála agus soláthair ailínithe leis na limistéir Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ), is iad sin Corcaigh Thuaidh, Corcaigh Theas, Corcaigh Thiar agus Cathair Chorcaí.

Cé go bhfuil formhór na gcúrsaí a chuirtear ar fáil faoi na cláir sin ar bhonn páirtaimseartha, tá siad struchtúrtha ar bhealach a dhéanann éascaíocht orthu rochtain a fháil ar bhreiseoideachas, oiliúint agus fostaíocht, nó aistriú chucu nó dul ar aghaidh go dtí iad, más

mian leis na rannpháirtithe. Cuireann siad meascán de chláir creidiúnaithe/deimhnithe ar fáil, de ghnáth ag Leibhéal 2 go dtí Leibhéal 4 den CNC, ach tá roinnt clár forbartha cumais nach bhfuil creidiúnaithe atá dírithe ar fhoghlaimeoirí nár chríochnaigh oideachas foirmiúil.

## An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO)

Is é aidhm fhoriomlán an chláir Tionscnamh um Fhilleadh ar an Obair ná méadú a chur ar rannpháirteachas i measc daoine óga agus daoine fásta nach bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí acu i ndeiseanna foghlama páirtaimseartha creidiúnaithe ar féidir bronntaí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a ghnóthú astu chun éascaíocht a dhéanamh orthu rochtain a fháil ar oideachas eile nó conairí fostaíochta, ó aistriú chucu nó dul ar aghaidh go dtí iad.

Díríonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar Sheirbhís Oideachais Litearthachta d'Aosaigh chomhtháite a chur ar fáil. Tá creidiúnú ar fáil ó Leibhéal 1 go Leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Mar chuid den tseirbhís sin, oibríonn an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas go dlúth le hOideachas Bunata d'Aosaigh, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais agus an tSeirbhís Oideachais d'Aosaigh chun roghanna dul chun cinn d'fhoghlaimeoirí a bhaineann go sainsiúil le riachtanais an cheantair áitiúil agus na bhfoghlaimeoirí a chur ar fáil. Déanann an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas caidreamh le Coláistí Breisoideachais agus Comhordaitheoirí Ógtheagmhála chun a chinntiú go soláthraítear cláir fhriothálacha ó Leibhéal 4 go dtí cláir Leibhéal 5 Coláistí Breisoideachais.

Díríonn an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas go príomh ar chúrsaí Leibhéal 4 QQI ach tá cúrsaí Leibhéal 3 agus Leibhéal 5 á soláthar chomh maith. Cuireann na cúrsaí sin bealach chun cinn ar fáil ó chúrsaí ag leibhéal níos ísle agus dul ar aghaidh go dtí cúrsaí Coláistí Breisoideachais agus Ionad Oiliúna chomh maith.

## Seirbhísí Treorach Chorcaí

Soláthraíonn Seirbhís Treorach BOO Chorcaí seirbhís saor in aisce, neamhchlaonta agus faoi rún a bhíonn ar fáil d'fhoghlaimeoirí fásta reatha agus daoine dífhostaithe nach bhfuil cáilíocht chomh hard le cáilíocht(aí) Leibhéal 6 QQI acu. Cuidíonn ár dTreoirphearsanra le foghlaimeoirí scrúdú a dhéanamh ar a suimeanna agus buanna agus na roghanna cúrsa is fearr a aithint.

## TACAÍOCHT EAGRAÍOCHTÚIL

Díríonn na seirbhísí a sholáthraíonn tacaíocht eagraíochtúil ar sholáthar seirbhísí nach seirbhísí foghlama iad ach atá riachtanach chun tacú le hoideoirí agus teagascóirí díriú isteach ar sheirbhísí a sholáthar go díreach d'fhoghlaimeoirí. Ar an mbealach sin, déantar cinnte de go mbíonn eispéireas foghlama den chéad scoth ag foghlaimeoirí agus go mbíonn



BOO Chorcaí nuálach, freagrúil agus ag tús cadhnaíochta ó thaobh soláthar oideachais agus oiliúna de.

Ón a bunaíodh BOO Chorcaí, tá athbhreithniú déanta aige ar conas atá na seirbhísí neamhfhoghlama struchtúrtha agus conas a sholáthraíonn an Ceannoifig na seirbhísí sin do gach réimse soláthair foghlama.

Faoi láthair, tá na seirbhísí sin roinnte ina gcúig rannóg. Tá sainchúram leathan ag gach rannóg agus tá siad go léir ag teastáil chun a chinntiú go gcloíonn an eagraíocht le riachtanais a bhaineann le rialachas corparáideach agus, ag an am céanna, gur féidir leis an eagraíocht riachtanais faoi raon leathan reachtaíochta a théann i bhfeidhm ar an eagraíocht a chomhlíonadh.

Cé gur próiseas leanúnach forbartha atá i gceist le dearadh eagraíochtúil, tá roinnt tionscadal earnála á ndéanamh ag an ROS ar bhonn náisiúnta. D'fhéadfadh na tionscadail sin, ach go háirithe seirbhísí comhroinnte le haghaidh párolla agus airgeadais, tionchar a dhéanamh ar struchtúr ár n-eagraíochta, ar ár gcumas leanúint de na seirbhísí reatha a sholáthar, chomh maith lenár gcumas seirbhísí a mhéadú mar fhreagra ar bhrúnna inmheánacha agus seachtracha, cosúil le soláthar seirbhísí do scoileanna nach scoileanna BOO iad.

Leanann BOO Chorcaí de pháirt dhearfach a ghlacadh i dtionscadail náisiúnta, toisc go n-aithnítear gur próiseas forbartha de réir a chéile atá i gceist heagraíocht a fhás agus a fhorbairt.

## Caipiteal agus Soláthar

Cuireann an Rannóg Caipitil agus Soláthair raon seirbhísí ar fáil chun tacú le Coláistí agus Ionaid i dtaca le clár thógála agus riachtanais soláthair. Tá an dá réimse an-difriúil lena chéile, agus is iad an raon seirbhísí a chuirtear ar fáil;

### Foirgnimh

- Tionscadail Tógála Caipitil BOO do scoileanna nua, síntí, cóiríocht shealadach srl
- Iarratas ar chead pleanála atá ag teastáil agus achomhairc
- Scéim Oibreacha Samhraidh do Scoileanna
- Scéim Oibreacha Éigeandála
- Ábhair thógála féinmhaoinithe BOO
- Bainistíocht Saoráidí - cothabháil HO a eagrú, éifeachtúlacht fuinnimh BOO Chorcaí srl
- Tacú le scoileanna nach scoileanna BOO iad nuair a iarrann Tionscadail Chaipitil Aonad Tógála ROS air sin

### Soláthar

- Forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta BOO Chorcaí (HO agus an BOO i gcoitinne) chun a chinntiú go gcloítear le deachleachtas agus riachtanais an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
- Earraí / seirbhísí a sholáthar i gcomhréir le beartais agus nósanna imeachta
- Orduithe / íocaíochtaí Ceannoifige
- Teagmháil a dhéanamh le hOifig um Sholáthar Rialtais, BOOÉ, fóraim soláthair srl.
- Clár conarthaí agus athnuachaintí a choinneáil

## Seirbhísí Corparáideacha

Is é príomhaidhm na Seirbhísí Corparáideacha ná a chinntiú go bhfuil struchtúir rialachais i bhfeidhm agus go gcloítear le riachtanais reachtaíochta agus imlitreach, agus go ndéantar forbairt air sin trí na córais agus cleachtais oibre atá ann a athbhreithniú agus feabhas a chur ar an gcóras rialuithe inmheánaigh. I measc na réimsí ar leith atá faoi shainchúram na rannóige, tá;

- Rialachas Corparáideach
- Cosaint Sonraí
- Sláinte, Sábháilteacht agus Leas san Ionad Oibre
- Bainistíocht Réadmhaoine agus Léasanna
- Margaíocht
- Bainistiú Comhaontuithe Seirbhíse
- Scéim na dTeangacha Oifigiúla
- Seirbhísí Tacaíochta Riaracháin don Bhord agus Feidhmeannas

## Acmhainní Daonna

Cuireann an Rannóg Acmhainní Daonna raon seirbhísí ar fáil a thacaíonn le Bainisteoirí agus baill foirne BOO Chorcaí. Clúdaíonn na seirbhísí gach gné den fhostaíocht ó "earcaíocht go scor" ball foirne chun a chinntiú go gcloíonn BOO Chorcaí agus a bhainisteoirí le reachtaíocht fostaíochta agus imlitreacha. I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil, tá;

- Earcaíocht
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Leithdháileadh agus Úsáid Foirne
- Riarachán Párolla
- Riarachán Saoire
- Sláinte ceirde
- Comhaontuithe agus/nó córais náisiúnta a chur i bhfeidhm
- Caidreamh Foirne
- Oiliúint agus Forbairt Foirne
- Aoisliúntas

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Bíonn ról TFC ag athrú de réir a chéile go fóill thar gach gné de sheirbhísí BOO Chorcaí. Tá méadú suntasach tagtha ar a thábhacht ó thaobh bonn a chur faoi riarachán agus rialachas, chomh maith le teagasc agus foghlaim. Mar Rannóg, is mar seo a leanas a bhfuil raon na seirbhísí agus tacaíochtaí do Choláistí/Ionaid;

- Bainistíochta Tionscadal ar na córais nua, uasghrádaithe san áireamh
- Forbairt bhonneagair agus bainistíocht a dhéanamh uirthi sin
- Córais bogearraí chuí a aithint, chomh maith le uasghrádú a dhéanamh orthu
- Córais chumarsáide a fhorbairt agus a chothabháil
- Tacaíocht Theicniúil
- Conraitheoirí a Bhainistiú
- Seirbhís chomhairleach do sholáthar
- Pleananna Aisghabhála Tubaiste
- Cosaint Sonraí agus Slándáil TF

## Airgeadais

Bainistíonn Rannóg Airgeadais BOO Chorcaí cuntas BOO Chorcaí, soláthraíonn sí maoirseacht airgeadais agus tugann sí comhairle chun a chinntiú go gcloítear le reachtaíocht agus imlitreacha. I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil, tá;

- Íocaíochtaí agus nósanna imeachta, ceadanna, rialuithe agus comhlíonadh lena mbaineann
- Baintéireacht
- Tuairisciú agus réiteach cuntas maidir le hidirbheart airgeadais
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ullmhú
- Buiséadú agus réamh-mheastacháin
- Éilimh Chiste Sóisialta na hEorpa a bhainistiú
- Sruthanna maoinithe a bhainistiú
- Iniúchtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus Chiste Sóisialta na hEorpa a chomhordú

## 7. Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta 2020

### Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

#### Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta

	<b>**Tuartha ag deireadh na bliana 31/12/2020 €</b>	<b>*Dréachtfhigiúirí ag deireadh na bliana 31/12/2019 €</b>
<b>FÁLTAIS</b>		
Deontais Scoileanna agus Ceannoifige	99,467,035	121,875,275
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	74,791,897	53,801,482
Deontais Seirbhísí don Aos Óg	4,300,000	4,247,335
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinitheacha	11,500,000	11,426,296
Caipiteal	26,000,000	25,515,222
	<u>216,058,932</u>	<u>216,865,610</u>
<b>ÍOCAÍOCHTAÍ</b>		
Scoileanna & Ceannoifig	99,668,000	121,600,467
Breisoideachas agus Oiliúint	74,791,897	51,334,550
Seirbhísí don Aos Óg	4,300,000	4,096,476
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinitheacha	11,500,000	10,964,401
Caipiteal	26,000,000	24,146,041
	<u>216,259,897</u>	<u>212,141,935</u>
<b>Barrachas/(Easnamh) Airgid Thirim don Tréimhse</b>	(200,965)	4,723,675

#### \*Gan iniúchadh

\*\*Léiríonn Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna aistriú an mhaoinithe Iar-Ardteistiméireachta ón ROS chuig SOLAS

Tá an próiseas Buiséadaithe SOLAS fós ar siúl